# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.

- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.

Is é atá i gceist i nós imeachta na marcála:

- Na freagraí go léir a léamh go cúramach agus anailís chúramach a dhéanamh orthu
- Marcanna a shannadh do na comhpháirteanna de réir na scéime marcála.

**Marcanna as comhleanúnachas**

Ar bhonn na nithe seo a leanas a bhronnfar na marcanna as comhleanúnachas: struchtúr, eagrú na ndearcthaí agus na dtuairimí, comhleanúnachas, fócas, comhthéacs agus soiléire an fhreagra.

## ROINN A

**Ceist 1**

50 marc - 10 × 4 mharc agus 2 mharc breise le bronnadh as gach ceann de na chéad 5 mhír as a mbronntar an marc is airde, rud is ionann agus [(5 × 6) + (5 × 4)].

**(a)** Robert Nozick **2 mharc**

Liobraíochas **2 mharc**

D'fhéadfadh freagraí eile a bheith ann agus marcálfar go cuí iad.

**(b) (i) Míniú bailí amháin** **2 mharc**

e.g.

- Níl an Seanad ag teacht leis an bprionsabal is bunúsaí de chóras daonlathach nua-aimseartha toghcháin – prionsabal an chomhionannais idir shaoránaigh – **'duine amháin, vóta amháin'**

- Tá 60 ball sa Seanad. Ainmníonn an Taoiseach 11 bhall, toghann céimithe ollscoile 6 ball agus toghtar 43 ball i dtoghcháin do phainéil an tSeanaid.

**(b) (ii) Fíric amháin** **2 mharc**

e.g.

- An rialtas a thionscnaíonn formhór mór na mBillí agus ritear sa Dáil de chéad uair iad. Ansin cuirtear chuig an Seanad iad mar a ndéantar **díospóireacht** fúthu agus **athbhreithniú** orthu

- Tá cead ag an Seanad leasuithe a mholadh, diúltú don Bhille nó é a rith, laistigh de 90 lá. Tá sé de chumhacht ag an Dáil treis a ghabháil (neamhaird a thabhairt) ar dhiúltú bille sa Seanad.

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**(c) (i) Fíric amháin** **2 mharc**

Uilíoch: na cearta céanna ag gach duine nuair a shaolaítear iad; cearta iad a deirtear a bhaineann le gach duine i ngach sochaí; ba chóir dóibh fóirithint go cothrom do gach ar domhan.

**(b) (ii) Fíric amháin** **1 mharc**

Neamh-inchoimthithe: "gan a bheith ábalta rud a bhaint den duine a bhfuil sé aige nó an duine sin gan a bheith ábalta an rud a thabhairt ar shiúl", Ní cóir cearta daonna a bhaint de dhuine ar bith, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla agus de réir phróis chuí an dlí.

**Sampla**: is féidir teorainn a chur le ceart duine ar an tsaoirse má chiontaítear i gcoir é i gcúirt dlí.

**(c) (iii) Fíric amháin** **1 mharc**

Doroinnte: tá an stádas céanna ag na cearta daonna go léir; ní féidir iad a rangú in ordlathas

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**N.B. Má bhronntar 1M nó níos lú as cuid (i) marcáil cuid (ii) / (iii) as 2M**

**(d) Cúis bhailí amháin** **4 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3 - 4M |
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

Eascraíonn (fásann) an fhéiniúlacht Éireannach as stair agus as traidisiúin chomhroinnte mhuintir na hÉireann (bíonn na traidisiúin sin ag síorathrú, seantraidisiúin beo beathach ina lán áiteanna agus traidisiúin nua ag teacht chun cinn). D'fhéadfadh an fhéiniúlacht sin a bheith dearfach nó diúltach.

**Samplaí: Argóint ar a son**

- Ar an gcéad leathanach de Threoir Oifigiúil CLG, deirtear faoi na daoine a imríonn a chluichí agus fúthu siúd a reáchtálann an eagraíocht go bhfeiceann siad CLG 'mar bhealach lenár bhféiniúlacht Éireannach a chomhdhlúthú'.
- Tá ciall d'fhéiniúlacht chomhroinnte ann i measc mhuintir na hÉireann ar fud an domhain, e.g. léirítear sin ar Lá Fhéile Pádraig, i bhfás chlubanna CLG ar fud an domhain, sa spéis i dteanga agus i gcultúr na Gaeilge in Éirinn agus ar fud an domhain.
- Bíonn tionchar láidir ag an oideachas ar mhúnlú na féiniúlachta. In Éirinn, téann formhór na leanaí ar scoileanna ina bhfoghlaimíonn siad an curaclam céanna agus scéalta faoin rud is Éireannach ann.
- Pobail shamhalta ...

**Samplaí: Argóint ina haghaidh**

- A lán de na rudaí a shainmhínigh an rud is Éireannach ann, ní rudaí iad atá i bpáirt ag gach duine a thuilleadh – teanga, stair, creideamh reiligiúnach, etc.
- Tá Éire ag éirí níos ilchultúrtha i rith an ama – i dtíortha eile a rugadh 17% de na daoine a chónaíonn in Éirinn. Tá 182 teanga á labhairt in Éirinn (POS, 2016). Ní aon fhéiniúlacht Éireannach amháin atá ann anois ach a lán féiniúlachtaí Éireannacha.
- Tionchar an taistil agus domhandú an chultúir – is féidir gur mó atá i bpáirt anois ag daoine óga in Éirinn le daoine óga eile ar fud an Iarthair (ceol, etc.) ná le daoine a chónaíonn sa bhaile céanna leo.

**(e)** Paulo Freire **1 mharc**

Samhail na baincéireachta den oideachas **1 mharc**

Cúis bhailí amháin **2 mharc**

e.g.
- Múinteoirí mar thaisceoirí eolais agus mic léinn mar ghabhdóirí.
- Caitheamh le mic léinn mar oibiachtaí (gabhdáin).
- D'fhiacha ar na mic léinn eolas a chur de ghlanmheabhair agus a athrá, gan aon tuiscint acu air b'fhéidir
- Córas leatroim agus smachta is ea modh na baincéireachta.

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**(f) Trí phíosa ábhartha eolais chun an fheidhm a mhíniú** **2 mharc + 1 mharc + 1 mharc**

e.g.
- Cuireann an Chúirt an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine i bhfeidhm.
- Is é an tasc atá aici a dheimhniú go dtugann Stáit aird ar na cearta agus ar na ráthaíochtaí atá leagtha amach sa Choinbhinsiún.
- Leis sin a dhéanamh, iniúchann sí gearáin (ar a dtugtar 'iarratais') a dhéanann daoine aonair nó, uaireanta, Stáit.
- Nuair a bhaineann sí de thátal as (nuair a dhéanann sí amach) gur sháraigh Stát ar a laghad ceann amháin de na cearta nó de na ráthaíochtaí, tugann an Chúirt breithiúnas ina gcinneann sí go ndearnadh an sárú.

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**N.B. Má bhronntar 1M nó níos lú as an gcéad fheidhm, marcáil an dara / tríú feidhm as 2M**

**(g) (i) Buntáiste amháin** **2 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

e.g.

- Bíonn dáileadh na suíochán ag freagairt go maith don chion de na vótaí iomlána a chaitear le gach páirtí ar leith.
- Ma chuirtear as an áireamh go luath an t-iarrthóir a bhí mar chéad rogha ag vótálaí, leanann vóta an duine sin ar aghaidh. Tabharfar aird ar na roghanna eile a rinne an vótálaí agus cabhróidh a vóta le hiarrthóirí a thoghadh ina dhiaidh sin.
- Tugann ionadaíocht do pháirtithe beaga agus d'iarrthóirí neamhspleácha.

**(g) (ii) Míbhuntáiste amháin** **2 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

e.g.

- B'fhéidir go bhfuil córas na hIonadaíochta Cionmhaire trí aonvóta inaistrithe dírithe barraíocht ar na hiarrthóirí agus go dtagann áitiúlachas chun cinn dá bharr, i.e. TD ag díriú ar nithe ina cheantar áitiúil in ionad fís náisiúnta a chur chun cinn.
- comhrialtais ann dá bharr nach mbíonn seasmhach agus a bhíonn scoilte go hinmheánach.
- iomaíocht taobh istigh den pháirtí i gcúrsaí toghchánaíochta.
- polaitíocht na bpearsantachtaí / polaitíocht pharóisteach.

**(h) Dhá thoradh** **2 mharc + 2 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

e.g.

- Timthriall na bochtaineachta – leasa sóisialta, cíos, fiacha, strus, imní ...
- Cúram sláinte: príobháideach / poiblí, réim bia, aclaíocht, drochroghanna agus drochnósanna mar gheall ar an mbochtaineacht.
- Torthaí an oideachais – caipiteal cultúrtha na dtuismitheoirí, Coláiste Gaeilge, dianteagasc, tacaíocht agus struchtúir sa bhaile.
- An choiriúlacht agus conas a dhéileáiltear le daoine nó conas a fheidhmítear ar a son sa chóras dlí agus cirt.

**(i) (i) Toradh dearfach amháin** **2 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

e.g.

- soghluaisteacht earraí, seirbhísí, caipitil, teicneolaíochta agus daoine i ngeilleagar an domhain ina iomláine
- méadú ar an rachmas náisiúnta.
- fostaíocht.
- rogha na dtomhaltóirí.
- praghsanna níos ísle de thairbhe na hiomaíochta.

**(i) (i) Toradh diúltach amháin** **2 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

e.g.

- Má chliseann ar an ngeilleagar i dtír amháin téann sé i bhfeidhm ar a lán tíortha eile.
- is minic a luaitear é le méadú ar an éagothroime.
- dúshaothrú tíortha i mbéal forbartha mar a bhfuil fáil shaor ar lucht oibre.
- iarmhairtí timpeallachta mar gheall ar easpa rialachán faoi úsáid acmhainní neamh-inathnuaite agus faoi luas an fháis sa gheilleagar.
- Seachaint cánacha corparáideacha.
- Cuideachtaí ilnáisiúnta.

**(h) Dhá dhúshlán** **2 mharc + 2 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

e.g.

- Rochtain chothromasach.
- Cosaint an oird phoiblí agus shlándáil an stáit.
- Tairbhe an réimse phoiblí: sreabhadh an eolais, rochtain, éagsúlacht agus rannpháirtíocht an phobail.
- Caighdeáin chultúir a chothabháil, tacaíocht le cultúr agus le teanga náisiúnta nó réigiúnach.
- Aird ar cheart an duine é/í féin a chur in iúl, cosaint ar mhaslaí agus ar chlaontuairimí.
- Rialáil an ábhair a chraoltar: cosc dochair don tsochaí, leanaí agus daoine óga go háirithe a chosaint ar ábhar neamh-inmhianaithe; cearta an duine aonair ar a d(h)ea-chlú a cosaint, etc., cosc ar olc a dhéanamh ar aon duine; seachaint gan dochar a dhéanamh do dhaoine le hábhar atá foréigneach nó saobh.

**(k) (i)** Kathleen Lynch, Sylvia Walby… **2 mharc**

**(k) (ii) Cúis amháin** **2 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**e.g. Lynch**

- Meastar fearann mothachtálachta an tsaoil (cúram, grá agus dlúthpháirtíocht) faoina luach mar tá an lámh in uachtar ag na fir sa pholaitíocht agus is iad na mná a dhéanann formhór na hoibre cúraim.
- Mar rud baineann a fheictear an obair sa bhaile agus ní rud tairbheach é sa tsamhail thraidisiúnta fhireann den saothar.
- Deir sí gur minic nach gcuirtear san áireamh i gcur chuige bunaithe ar chearta gur gá na cearta a chothromú le heitic den chúram.

**e.g. Walby:**

- Tá an phatrarcacht i bhfeidhm sa réimse príobháideach agus sa réimse poiblí.
- Sa réimse príobháideach (sa teach sa bhaile), ní foláir do na mná freagracht a ghlacadh as obair an tí agus as an obair chúraim.

**(h) Dhá shlí** **2 mharc + 2 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

e.g.

- Chruthaigh siad eagla agus fearg in ionad díriú ar argóintí réasúnacha nó ar argóintí eacnamaíochta.
- An gá le stiúir a ghlacadh ar ais ón AE mar ar bhallraíocht san AE a bhí an locht agus réiteofaí na fadhbanna sin go léir ach an tAE a fhágáil.
- An Feachtas ar son Imeacht ag teacht i dtír ar mhothúcháin instinneacha faoi phoist a bheith á nglacadh ag inimircigh, faoin NHS gan a bheith in ann ag an éileamh mar gheall ar an inimirce, faoin stad ar ardú tuarastail.
- Chuir feachtas Brexit béim ar an smaoineamh gur deis a bhí sa reifreann briseadh ar shiúl ón Eoraip agus nach dtiocfadh deis mar sin arís.
- Ní hé an machnamh réasúnach ach na mothúcháin a bhaineann le rudaí is maith linn nó nach maith linn a théann i gcion ar a lán de na breithiúnas a dhéanaimid agus ar a lán dár n-iompar.

## ROINN B

**150 marc (15 mharc + 15 mharc + 30 marc + 25 marc + 25 marc + 40 marc)**

**(a) Brí an téarma 'faoi ghlas'** **10 marc + 5 mharc**

| | | |
|---|---|---|
| **Dhá phíosa eolais:** | **5 mharc (× 2)** | |
| | Cur síos an-mhaith | 4 - 5M |
| | Cur síos maith | 2 - 3M |
| | Cur síos réasúnta | 0 - 1M |
| **Comhleanúnachas: 5 mharc** | An-mhaith | 4 - 5M |
| | Go maith | 2 - 3M |
| | Réasúnta | 0 - 1M |

Ní mór tagairt dóibh seo a bheith sna freagraí:

- go dtéann an t-athrú aeráide i bhfeidhm ar shlite áirithe **nach féidir a aisiompú anois** le polasaí ná le gníomh.
- go hfuil méid áirithe den athrú aeráide **nach féidir a sheachaint** anois **mar gheall ar ghníomhaíocht an duine** san am atá caite.

**(b) Todhchaí na hAetóipe** **10 marc + 5 mharc**

| | | |
|---|---|---|
| **Dhá phíosa eolais:** | **5 mharc (× 2)** | |
| | Cur síos an-mhaith | 4 - 5M |
| | Cur síos maith | 2 - 3M |
| | Cur síos réasúnta | 0 - 1M |
| **Comhleanúnachas: 5 mharc** | An-mhaith | 4 - 5M |
| | Go maith | 2 - 3M |
| | Réasúnta | 0 - 1M |

Ní mór tagairt dóibh seo a bheith sna freagraí:

- Beidh dúshláin roimh an Aetóip sa todhchaí: beidh an tír **go mór i mbaol** ó thionchar an athraithe aeráide mar gheall ar í a bheith **ag brath ar an talmhaíocht.**
- Beidh méadú ar a cuid deacrachtaí teacht ar uisce, beidh **triomach** ann níos minice, beidh **laghdú** mór ar na gránbharra atá mar phríomhbhia, agus is mó a bheifear i mbaol galar.
- Beidh sí ag brath go mór ar ghníomhaíocht **tíortha eile** leis na rioscaí sin a mhaolú. Ní mór do thíortha eile **a gcuid astaíochtaí carbóin a laghdú** le bheith cinnte go bhfuil todhchaí i ndán di.

**(c) An tionchar ar dhaoine i dtír fhorbartha agus i dtír i mbéal forbartha** **30 marc**

**Tír fhorbartha**

| | | |
|---|---|---|
| **Dhá phíosa eolais:** | **5 mharc (× 2)** | |
| | Cur síos an-mhaith | 4 - 5M |
| | Cur síos maith | 2 - 3M |
| | Cur síos réasúnta | 0 - 1M |
| **Comhleanúnachas: 5 mharc** | An-mhaith | 4 - 5M |
| | Go maith | 2 - 3M |
| | Réasúnta | 0 - 1M |

**Tír i mbéal forbartha**

| | | |
|---|---|---|
| **Dhá phíosa eolais:** | **5 mharc (× 2)** | |
| | Cur síos an-mhaith | 4 - 5M |
| | Cur síos maith | 2 - 3M |
| | Cur síos réasúnta | 0 - 1M |
| **Comhleanúnachas: 5 mharc** | An-mhaith | 4 - 5M |
| | Go maith | 2 - 3M |
| | Réasúnta | 0 - 1M |

**Tír fhorbartha**

Ní mór tagairt dóibh seo a bheith sna freagraí:

- Ar na nithe a rachaidh sé i bhfeidhm orthu in Éirinn agus a luaitear i nDoiciméad A tá cúrsaí sláinte, talmhaíocht, ceantair cois cósta, éiceachórais, an geilleagar agus an tsochaí i gcoitinne.
- Ní thagraítear don **tionchar ar an duine** sa doiciméad seo ach amháin **i dtaca le sláinte agus leis na gcur isteach ar an tsochaí**. Ní thugtar **mionsonraí** i dtaca lena mbeidh i ndán do shláinte an duine mar gheall ar an athrú aeráide.
- Is mó de chuma na míchaoithiúlachta atá ar an athrú aeráide. Ní shílfeá go bhféadfadh sé beatha daoine nó pobal a chur i mbaol i dtír fhorbartha mar Éire.

**Tír i mbéal forbartha**

- Is mó i bhfad a théann sé i gcion ar dhaoine i dtír i mbéal forbartha (Doiciméad B).
- Deirtear linn sa doiciméad seo go bhfuil 80% de mhuintir na hAetóipe ina gcónaí i gceantair thuaithe agus a bhformhór **ag brath** ar an bhfeirmeoireacht leorchothaitheach le teacht slán, go bhfuil sí sin go mór **i mbaol** ó tá an séasúr fáis ag éirí níos giorra cionn is go bhfuil níos lú báistí a bheith ag titim mar gheall ar an athrú aeráide.
- Meastar nach mbeidh 39-59% de na limistéir ina bhfástar caife faoi láthair oiriúnach do tháirgeadh caife amach anseo de bharr athrú aeráide.
- Is léir sa doiciméad seo go bhfuil **beatha daoine i mbaol** ó thionchar an athraithe aeráide.

**(d) Údaracht agus an chlaontacht a d'fhéadfadh a bheith inti & a ábhartha agus atá sí do lucht déanta polasaithe agus cinntí 25 marc**

**Údaracht**

| | | |
|---|---|---|
| **Dhá phointe ábhartha: 5 mharc (× 2)** | Cur síos an-mhaith | 4 - 5M |
| | Cur síos maith | 2 - 3M |
| | Cur síos réasúnta | 0 - 1M |

Údaracht

Ní mór tagairt dóibh seo a bheith sna freagraí:

- Tá údaracht an fhoilseacháin seo bunaithe **ar thaighde eolaíochta** a rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus atá an-chreidiúnach.
- De réir an doiciméid, tá sé **nasctha** le taighde eile atá á mhaoiniú ag **comhlachtaí náisiúnta eile**, Met Éireann, Oifig na nOibreacha Poiblí, Foras na Mara agus institiúidí tríú leibhéal san áireamh.
- Is cosúil gur **eolaithe agus acadúlaigh** a rinne an taighde.

**Claontacht a d'fhéadfadh a bheith inti**

| | | |
|---|---|---|
| **Dhá phointe ábhartha: 5 mharc (× 2)** | Cur síos an-mhaith | 4 - 5M |
| | Cur síos maith | 2 - 3M |
| | Cur síos réasúnta | 0 - 1M |

Claontacht a d'fhéadfadh a bheith inti

Ní mór tagairt do dhá cheann ar a laghad díobh seo a bheith sna freagraí:

- Ós rud go bhfuil an EPA á mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann **ní dócha go mbeifear róch____** 

- Mar gheall ar fhoinse an mhaoinithe, **níl an nóta práinne ró-ard** san fhoilseachán agus seachnaítear agus gan scaoll a chur ar dhaoine.
- Is dócha go mbainfeadh na heagraíochtaí sin tairbhe as tuilleadh maoinithe ó Rialtas na hÉireann agus **nár mhaith leo na struchtúir mhaoinithe atá ann faoi láthair a chur i mbaol.**

**Ábharthacht**

| | | |
|---|---|---|
| **Pointe ábhartha amháin: 5 mharc (× 2)** | Cur síos an-mhaith | 4 - 5M |
| | Cur síos maith | 2 - 3M |
| | Cur síos réasúnta | 0 - 1M |

A ábhartha agus atá sí do lucht déanta polasaithe agus cinntí

Ní mór tagairt do cheann amháin ar a laghad díobh seo a bheith sna freagraí:

- Tá torthaí an taighde **an-ghinearálta**, i bhfad níos mionsonraí ag teastáil – **níl go leor fíricí agus figiúirí ann** le bheith úsáideach ag lucht déanta polasaithe agus cinntí.
- Ní chuirtear síos ar na **modheolaíochtaí.**
- Ós rud go bhfuil eagraíochtaí / gníomhaireachtaí eile i gceist, d'fhéadfadh lucht déanta polasaithe a bheith ábalta sonraí níos mine a lorg ó na gníomhaireachtaí eile le cinntí tuisceanacha a dhéanamh i dtaca le polasaithe.

**(e) Meascán de thráchtaireacht agus de staitisticí** **25 marc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cur síos ar na staitisticí** | **2 × 5 mharc** | | |
| | Cur síos an-mhaith | 4 - 5M |
| | Cur síos maith | 2 - 3M |
| | Cur síos réasúnta | 0 - 1M |
| **Meastóireacht** | **2 × 5 mharc** | |
| | Cur síos an-mhaith | 4 - 5M |
| | Cur síos maith | 2 - 3M |
| | Cur síos réasúnta | 0 - 1M |
| **Comhleanúnachas** | **5 mharc** | |
| | Cur síos an-mhaith | 4 - 5M |
| | Cur síos maith | 2 - 3M |
| | Cur síos réasúnta | 0 - 1M |

D'fhéadfadh tagairt do chuid díobh seo ar a laghad a bheith sna freagraí:

- Tá **cothromaíocht mhaith** idir tráchtaireacht agus staitisticí i nDoiciméad B.
- Cabhraíonn sé le daoine nach saineolaithe iad **ciall a bhaint as** na staitisticí.
- Bheadh sé tábhachtach go mbeadh teacht ag eagraíocht neamhrialtais mar Thrócaire ar shonraí ó tá siad ag iarraidh cur le tuiscint daoine ar an domhan i mbéal forbartha agus a chuid freagrachtaí a mheabhrú don domhan forbartha.
- **Cuireann béim ar na torthaí is suimiúla** i measc na sonraí.
- **Cuireann síos ar na fíricí** nach bhfeictear láithreach nuair a bhítear ag féachaint ar na sonraí.
- Míníonn **brí** nó comhthéacs na sonraí.
- In ionad figiúirí a athrá a d'fhéadfadh an léitheoir féin a bhaint as táblaí nó as graif, sa tráchtaireacht **dírítear an léitheoir ar an gcaoi a dtéann na staitisticí i gcion ar an duine** ach fanann oibiachtúil i gcónaí.

**(f) Is é an t-athrú aeráide an bhagairt is mó ar chearta daonna san 21ú haois.** **40 marc**

**Trí phíosa d'eolas ábhartha: 3 × 10 marc**

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 8 - 10M |
| Cur síos maith | 5 - 7M |
| Cur síos réasúnta | 2 - 4M |
| Cur síos lag | 0 - 1M |

**Comhleanúnachas: 10 marc**

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 8 - 10M |
| Go maith | 5 - 7M |
| Réasúnta | 2 - 4M |
| Lag | 0 - 1M |

Níl an comhshaol i gceist i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine mar forbraíodh na dlíthe um chearta an duine roimh an tuiscint atá againn anois ar an gcomhshaol.

- Is bagairt, idir dhíreach agus indíreach, ar chearta daonna atá lán agus éifeachtach a bheith an duine ar fud an domhain iad feiniméin a bhaineann leis an athrú aeráide. Áirítear ar na cearta daonna sin **an ceart ar an mbeatha, ar uisce agus ar shláintíocht, ar bhia, ar shláinte, ar thithíocht, ar an bhféinchinneadh, ar chultúr agus ar fhorbairt.**
- **Lena chois sin, is go díréireach a théann an t-athrú aeráide i gcion ar na tíortha is boichte ós iad is lú a chuireann le cúiseanna an athraithe.**
- Is é paradacsa cruálach an athraithe aeráide é gur mó agus gur measa a théann sé i bhfeidhm ar na daoine is lú a chuireann leis, go háirithe leanaí, mná, daoine míchumasacha agus pobail dhúchasacha.
- Tá níos mó ná 100 milliún duine **i mbaol a n-aslonnaithe de thoradh an athraithe aeráide**. Tá an bhagairt ar chearta an duine soiléir agus na himpleachtaí polaitíochta uafásach - **Teifigh aeráide…**
- Tá an t-athrú aeráide ag cur leis an éagothroime agus ag dul i bhfeidhm ar shlánchúis agus ar shlándáil dúichí chomh maith le bheith ina chúis le haslonnú éigeantais daoine agus a bheith ag dul i bhfeidhm go tubaisteach ar chearta daoine ar fud an domhain.
- Is é an toradh a bheith ar an athrú aeráide go n-ardófar leibhéal na bhfarraigí agus go gcaillfear méid suntasach talaimh ar feadh na dtíortha cósta, rud a mbeidh impleachtaí móra aige do na daoine a chónaíonn sna ceantair sin agus dá gcearta daonna. Roinnt náisiún atá ina n-oileáin, imeoidh siad ar fad de dhroim an domhain.

**N.B. Is féidir go n-easaontóidh iarrthóirí leis an ráiteas ina gcuid freagraí.**

## ROINN C

**An aiste dhioscúrsach a mharcáil:**

**1.** Léigh an aiste iomlán gan aon mharc a bhronnadh.

**2.** Marcáil an aiste agus tú ag baint leas as na critéir mharcála, agus suimigh na marcanna.

**3.** Athbhreithnigh an marc iomlán agus tú ag baint leas as tuairiscíní na ngrád.

**4.** Chun an marc iomlán a bheachtú, athbhreithnigh an aiste arís agus tú ag baint leas as na critéir.

# CRITÉIR MHARCÁLA

| | Ar fheabhas | An-mhaith | Go maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|---|
| **RÉAMHRÁ (I)** | Téann i ngleic go díreach leis an gceist, soiléiríonn agus cuireann i gcomhthéacs é. | Téann i ngleic go díreach leis an gceist agus cuireann i gcomhthéacs é. | Téann i ngleic go réasúnta maith leis an gceist ach teorainn leis an gcur i gcomhthéacs. | Ní théann i ngleic ach go neamhchinnte leis an gceist gan aon chur i gcomhthéacs. | Gan ach breacthuiscint nó gan tuiscint ar bith ar an gceist. |
| **10 marc** | **9 - 10** | **7 - 8** | **5 - 6** | **3 - 4** | **0 - 2** |
| **Eolas (K)** | Tuiscint shoiléir chriticiúil. Eolas forleathan ar an gceist. | Aiste an-mhaith agus loighciúil bunaithe ar eolas agus ar thuiscint chuimsitheach ar an gceist. Gan aon ní suntasach fágtha ar lár agus gan aon earráid shuntasach. | Aiste réasúnta bunaithe ar eolas bunúsach, gan ach tuiscint theoranta ar an gceist. Mionrudaí fágtha ar lár agus mionearráidí ann. | An aiste trína chéile, bunaithe ar bhreacthuiscint ar an gceist. Nithe móra fágtha ar lár agus earráidí móra ann. | Aiste lag nach léirítear inti ach beagán eolais ar an gceist nó gan aon eolas ar an gceist. D'fhéadfadh an t-eolas a bheith mícheart nó ag teacht salach air féin. |
| **20 marc** | **18 - 20** | **14 - 17** | **10 - 13** | **5 - 9** | **0 - 4** |
| **Fianaise (E)** | Aithnítear agus ceistítear go héifeachtach réimse leathan d'fhoinsí ábhartha, údarásach, inchreidte fianaise. | Aithnítear agus ceistítear leor-réimse d'fhianaise ábhartha, údarásach, inchreidte. | Aithnítear agus ceistítear réimse teoranta fianaise ach braitheann barraíocht ar shonraí gan chruthú. | An fhianaise a chuirtear i láthair róshimplíoch nó trína chéile. An fhianaise gan a bheith ach breacábhartha don topaic. | Gan ach beagán fianaise curtha i láthair nó gan fianaise ar bith / an fhianaise gan a bheith ábhartha don cheist. |
| **20 marc** | **18 - 20** | **14 - 17** | **10 - 13** | **5 - 9** | **0 - 4** |
| **Anailís & Sintéis (A)** | An argóint ar fheabhas, bunaithe ar anailís chriticiúil léirsteanach ar an bhfianaise. | Argóint an-mhaith bunaithe ar anailís chriticiúil léirsteanach ar an bhfianaise. | Argóint mhaith bunaithe ar anailís bhunúsach ar an bhfianaise. | Fabht san argóint gan ann ach fianaise theoranta le hanailís nó gan ann ach anailís dhromchlach agus míchruinnis shuntasacha inti. | An argóint curtha le chéile go holc, trína chéile nó míloighciúil. An anailís lag. |
| **15 mharc** | **13 - 15** | **10 - 12** | **7 - 9** | **4 - 6** | **0 - 3** |
| **Meastóireacht (V)** | Peirspictíochtaí inchomparáide / ailtéarnacha comhcheangailte ar bhealach cuimsitheach. Déanann conclúidí léirsteanacha neamhspleácha & cosnaíonn a sheasamh féin go muiníneach. | Peirspictíochtaí inchomparáide / ailtéarnacha comhcheangailte go han-mhaith san argóint. Déanann conclúidí an-mhaith, neamhspleácha & cosnaíonn a sheasamh féin go soiléir. | Peirspictíochtaí agus dearcthaí inchomparáide / ailtéarnacha comhcheangailte go maith san argóint. Déanann conclúidí neamhspleácha & cosnaíonn a sheasamh féin. | Na peirspictíochtaí agus na dearcthaí inchomparáide / ailtéarnacha teoranta. Na conclúidí neamhspleácha teoranta & cosaint theoranta ar a sheasamh féin. | Gan peirspictíochtaí ná dearcthaí inchomparáide. Gan conclúidí neamhspleácha & a sheasamh féin gan chosaint. |
| **15 mharc** | **13 - 15** | **10 - 12** | **7 - 9** | **4 - 6** | **0 - 3** |
| **Comhleanúnachas (C)** | Eagrú agus bainistiú na ndearcthaí agus na dtuairimí ar fheabhas. Fócas agus soiléire ar fheabhas ó thús deireadh. An struchtúr ar fheabhas. | Eagrú agus bainistiú na ndearcthaí agus na dtuairimí an-mhaith. Fócas agus soiléire an-mhaith ó thús deireadh. Struchtúr na haiste an-mhaith. | Eagrú agus bainistiú na smaointe bunúsach. Struchtúr na haiste réasúnta maith. | Eagrú agus bainistiú na smaointe teoranta agus trína chéile. Struchtúr na haiste lag. | An aiste gan struchtúr, eagrú, comhleanúnachas, fócas, comhthéacs agus soiléire. |
| **20 marc** | **18 - 20** | **14 - 17** | **10 - 13** | **5 - 9** | **0 - 4** |

# BANDAÍ NA nGRÁD SNA hAISTÍ

| A1<br>90 - 100 Marc | A2<br>80 - 89 Marc | A3<br>70 - 79 Marc | A4<br>60 - 69 Marc | A5<br>50 - 59 Marc | A6<br>40 - 49 Marc | A7<br>30 - 39 Marc | A8<br>0 - 29 Marc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An freagra comhleanúnach dea-struchtúrtha, fianaise ábhartha, chruinn, éagsúil ag tacú leis agus fianaise chomparáideach in úsáid.<br><br>Tuiscint shoiléir chuimsitheach ar riachtanais an taisc agus ar an topaic agus smaointeoireacht shoiléir neamhspleách.<br><br>Téitear i ngleic go domhain leis an topaic agus cosnaítear na breithiúnais agus na conclúidí go cuimsitheach.<br><br>Léirítear mioneolas sa fhreagra seo bunaithe ar smaointeoireacht chriticiúil, léargas domhain, fócas géar, argóint shnoite, agus tá réimse fianaise agus foinsí mar thaca leis. | Fócas soiléir comhleanúnach sa fhreagra ar an gceist a cuireadh.<br><br>Dea-struchtúr agus aontacht sna hargóintí, agus fianaise chruinn éagsúil ábhartha ann ag tacú leo.<br><br>Eagar an-mhaith ar na pointí agus argóint an-mhaith chomhleanúnach ann ina mbaintear leas as dearcthaí inchomparáide.<br><br>Téitear i ngleic go han-mhaith agus go criticiúil leis an topaic.<br><br>Cosaint an-réasúnta ar bhreithiúnais agus ar chonclúidí neamhspleácha. | Fócas soiléir sa fhreagra ar an gceist a cuireadh.<br><br>Tuiscint mhaith ar a n-éilítear sa cheist.<br><br>Fianaise chruinn ábhartha ag tacú leis na pointí, ar an iomlán.<br><br>Eagar maith ar na pointí agus argóint chomhleanúnach ann.<br><br>Fianaise ann go ndeachthas i ngleic go criticiúil leis an topaic, agus cosaint réasúnta ar na breithiúnais agus na conclúidí a chuirtear i láthair. | Léirítear buntuiscint ar an gceist sa fhreagra.<br><br>Téitear i ngleic go réasúnta sa fhreagra leis an gceist a cuireadh.<br><br>Níl ann ach buneolas ar an gceist.<br><br>Na pointí ábhartha, roinnt tagairtí agus samplaí bailí ann ag tacú leo.<br><br>D'fhéadfadh sé a bheith le brath, áfach, go seasann roinnt de na pointí astu féin gan a bheith fite fuaite in argóint aontaithe.<br><br>Roinnt breithiúnas agus conclúidí neamhspleácha curtha i láthair gan ach cosaint theoranta. | Léiríonn an freagra gur tuigeadh an cheist go réasúnta maith.<br><br>Gan ach eolas teoranta ar an gceist, pointí éiginnte sna freagraí gan ach fianaise theoranta ann atá ábhartha agus cuí.<br><br>Na pointí a chuirtear i láthair teoranta, agus ní fhorbraítear an fhianaise ina hargóint fhórsúil aontaithe.<br><br>Ní théitear i ngleic leis an topaic ar bhealach criticiúil ach sa bheag agus, dá thoradh sin, na freagraí gan conclúid chónasctha neamhspleách. | Léiríonn an freagra nár tuigeadh an cheist ach méid áirithe.<br><br>An freagra gan fócas soiléir agus claonadh ann imeacht ón bpointe nó ó phointe go pointe.<br><br>Is minic achoimre agus athrá ann in ionad plé.<br><br>Gan ach eolas teoranta ar an gceist, gan mórán fianaise ann ag tacú leis na pointí a chuirtear i láthair.<br><br>Ní théitear i ngleic go criticiúil leis an topaic ach ar bhealach teoranta, má théitear in aon chor.<br><br>Na breithiúnais agus na conclúidí a chuirtear i láthair éiginnte nó pearsanta, gan ach cosaint theoranta.<br><br>D'fhéadfadh sé gur ghá an freagra a athléamh leis an mbrí a aimsiú. | Léiríonn an freagra gur tuigeadh an cheist méid áirithe agus nach bhfuil an fócas sa fhreagra go maith.<br><br>D'fhéadfadh roinnt pointí bailí a bheith ann gan iad a bheith nasctha d'aon turas le hargóint a dhéanamh agus gan aon fhianaise a thacaíonn le haon cheann de na pointí.<br><br>Gan aon fhianaise go ndeachthas i ngleic go criticiúil leis an topaic.<br><br>Gan breithiúnas dá chuid féin ná conclúidí neamhspleácha déanta ag an iarrthóir ná aon chosaint déanta ar a thuairim nó ar a sheasamh féin. | Léiríonn an freagra gur beag a tuigeadh an cheist nó gur baineadh míthuiscint iomlán aisti.<br><br>Freagra an-lag gan ann, sa chuid is fearr de, ach blúirí eolais gan mórán pointí ábhartha nó gan aon phointe ábhartha.<br><br>Ní chuirtear argóintí ábhartha i láthair ná fianaise a thacaíonn le haon éileamh a dhéantar.<br><br>Tá an freagra an-lag, gan fócas, agus cuirtear mearbhall ar an léitheoir.<br><br>D'fhéadfadh cuid de na pointí a bheith míchruinn ar fad nó gan aon bhaint acu leis an gceist. |

**N.B. Seachain agus ná gearr pionós ar achomaireacht sciliúil agus ná bronn barraíocht ar fhad nach bhfuil cúis leis.**

## TUAIRISC AR THIONSCADAL SAORÁNACHTA

**Réasúnaíocht agus taighde**

- Mínigh conas a chuaigh an fhoghlaim ón gcúrsa i bhfeidhm ar an topaic agus ar an gcur chuige a roghnaíodh. Cosain an gníomh a roghnaíodh i bhfianaise na smaointe a ndearnadh staidéar orthu le linn an chúrsa agus i bhfianaise gníomhartha eile a d'fhéadfaí a roghnú.

- Tabhair cuntas soiléir ar aidhmeanna an tionscadail saoránachta, ar na modhanna a roghnaíodh leis na haidhmeanna a bhaint amach agus ar an bplean gníomh. I gcás tionscadail ghrúpa, sonraigh aidhmeanna an ghrúpa sa tionscadal agus na haidhmeanna a bhí agat féin mar dhuine aonair chun do ról a chomhlíonadh.

- Tabhair achoimre ar an taighde a rinneadh agus cuir san áireamh príomhthorthaí (sonraí) an taighde a chuir bonn eolais faoin ngníomh.

- Luaigh na foinsí eolais a úsáideadh agus cinneadh á dhéanamh faoin tionscadal agus na foinsí a chuir bonn eolais faoin obair, e.g. ábhair ar an ngréasán domhanda, litríocht, agallaimh, agus foinsí eile. Déan cinnte de go dtugann tú na tagairtí iomlána sa rannóg le haghaidh *Tagairtí agus Leabharliosta* i gcúl na tuairisce.

**Cur i gcrích an tionscadail saoránachta**

- Tabhair achoimre ar na gníomhartha a rinneadh agus an tionscadal á chur i gcrích. I gcás tionscadail ghrúpa, bain úsáid as 'muid' agus 'mé' mar is cuí chun idirdhealú idir gníomhartha an ghrúpa agus do chuid gníomhartha féin.

- Déan anailís chriticiúil ar na gnéithe éagsúla den phlean gnímh agus cuir san áireamh dúshláin a bhí romhaibh agus conas a déileáladh leis na dúshláin sin.

- Déan cur síos ar thorthaí an tionscadail agus ar conas a chuaigh sé i bhfeidhm.

**Machnamh ar eolas a fuarthas agus ar scileanna a forbraíodh**

- Déan achoimre ar na príomhphointí eolais a fuarthas.

- Sonraigh na scileanna a d'fhorbair tú, scileanna breithiúnais agus cinnteoireachta san áireamh, ó bheith páirteach sa tionscadal saoránachta, agus bíodh tagairt ar leith agat do bheith ag obair le daoine eile agus do bheith éifeachtach go pearsanta. Tabhair eolas ar leith faoi conas a forbraíodh na scileanna de thoradh do chuid oibre ar an tionscadal.

- Mínigh go hachomair conas a chabhraigh an machnamh, an t-aiseolas ó dhaoine eile agus an fhoghlaim ón gcúrsa leat an tionscadal a dhéanamh.

## RANNÓG A

**Réasúnaíocht** **15 mharc**

Ní mór iad seo a bheith san áireamh:

- Conas a chuaigh an fhoghlaim ón gcúrsa i bhfeidhm ar an gníomhaíocht a rinneadh
- Cosaint na gníomhaíochta a rinneadh
- Aidhmeanna an tionscadail saoránachta (grúpa / indibhidiúil)
- Plean gníomhaíochta ina leagtar amach na slite a roghnaíodh chun na haidhmeanna sin a bhaint amach

| | |
|---|---|
| Ar fheabhas | 13 - 15M |
| An-mhaith | 10 - 12M |
| Go maith | 7 - 9M |
| Réasúnta | 4 - 6M |
| Lag | 0 - 3M |

**Taighde** **20 marc**

Ní mór iad seo a bheith san áireamh:

- Achoimre ar an taighde
- Fionnachtana an taighde
- Foinsí eolais agus tagairtí / leabharliosta (Féach lch 10 le haghaidh tagairtí & leabharliosta)

| | |
|---|---|
| Ar fheabhas | 17 - 20M |
| An-mhaith | 13 - 16M |
| Go maith | 9 - 12M |
| Réasúnta | 5 - 8M |
| Lag | 0 - 4M |

## ROINN B

| | |
|---|---|
| **Roinn B: Cur i gcrích an tionscadail saoránachta** | **45 marc** |
| **Achoimre ar na gníomhartha a rinneadh (muid / mé)** | **15 mharc** |

| | |
|---|---|
| Ar fheabhas | 13 - 15M |
| An-mhaith | 10 - 12M |
| Go maith | 7 - 9M |
| Réasúnta | 4 - 6M |
| Lag | 0 - 3M |

**Anailís chriticiúil ar an bplean gníomhaíochta** — **15 mharc**

| | |
|---|---|
| Ar fheabhas | 13 - 15M |
| An-mhaith | 10 - 12M |
| Go maith | 7 - 9M |
| Réasúnta | 4 - 6M |
| Lag | 0 - 3M |

**Torthaí agus éifeacht an tionscadail** — **15 mharc**

| | |
|---|---|
| Ar fheabhas | 13 - 15M |
| An-mhaith | 10 - 12M |
| Go maith | 7 - 9M |
| Réasúnta | 4 - 6M |
| Lag | 0 - 3M |

## ROINN C

**Achoimre ar na príomhphointí eolais** — **4 mharc**

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 4M |
| Go maith | 3M |
| Réasúnta | 2M |
| Lag | 0 - 1M |

**Scileanna** — **4 mharc**

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 4M |
| Go maith | 3M |
| Réasúnta | 2M |
| Lag | 0 - 1M |

**Ról an mhachnaimh agus an aiseolais agus na foghlama ón gcúrsa** — **12 mharc**

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 10 - 12M |
| Go maith | 7 - 9M |
| Réasúnta | 4 - 6M |
| Lag | 0 - 3M |